Tuarascáil Bhliantúil 2014

Roinn an Taoisigh

Tuarascáil Bhliantúil 2014

Teachtaireacht ón Taoiseach

Ba é misean an Rialtais in 2014 ná leanúint leis an bplean téarnaimh a bhfuil feabhas réidh á chur aige ar rathúnas geilleagrach ár dtíre.

I rith na bliana, lean mo Roinn ag tacú le príomhchuspóirí an Rialtais chun ár n-airgeadas poiblí a chur ina cheart agus chun muintir na tíre a chur ar ais ag oibriú.

Chomh maith leis sin, thacaigh mo Roinn leis an Rialtas inár gclár substainteach athchóirithe, mar aon le cur leis an gcáil idirnáisiúnta atá ar Éirinn agus an caidreamh tréan a fhorbairt atá ríthábhachtach maidir lenár rath geilleagrach mar náisiún beag saorthrádála agus mar chomhalta den Aontas Eorpach.

A bhuíochas le tuiscint agus tiomantas mhuintir na hÉireann, tá geilleagar fiontair inmharthana á thógáil againn ar féidir leis tacú lena n-uaillmhianta agus lena n-ardaidhmeanna fadtéarmacha.

In 2014, bhí in Éirinn an geilleagar ba thapúla fáis san AE agus tá fás á thabhairt faoi deara i ngach earnáil gheilleagrach. Cruthaíodh os cionn 100,000 post nua ó chuireamar tús i dtosach leis an bPlean Gnímh maidir le Poist in 2012.

Is é an plean atá againn don todhchaí ná chun cur leis na dul chun cinn seo, an téarnamh a bhaint amach, agus poist a sholáthar do gach duine a dteastaíonn post uaidh/uaithi.

Thar ceann mo chomhghleacaithe aireachta, Paul Kehoe, T.D., Jimmy Deenihan, T.D., Dara Murphy, T.D. and Simon Harris, T.D., ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann go léir sa Roinn as ucht a ndianoibre go léir i rith 2014.

Éanna ó Cionaoith, T.D.,
An Taoiseach

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí

Seo an tuarascáil deiridh ina leagfar amach an dul chun a rinneadh chun na tosaíochtaí a dtugtar cuntas orthu i Ráiteas Straitéise 2011/2014 na Roinne a bhaint amach.

Baineadh go leor amach ó 2011 i leith trí obair na Roinne seo i gcomhoibriú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais.

Tá dul chun cinn soiléir agus intomhaiste bainte amach i measc an réimse iomláin dár dTosaíochtaí Straitéiseacha, idir phoist agus borradh in Éirinn, agus chlaochlú a tháinig ar ár gcáil idirnáisiúnta agus ár gcaidreamh thar lear.

Mar aon le béim a chur ar na príomhimeachtaí agus na príomhéachtaí beartais, leagtar amach sa tuarascáil bhliantúil seo, chomh maith, an t-ollréimse agus an t-ollmhéid d'obair phraiticiúil agus ríthábhachtach faoina dtugann foireann Roinn an Taoisigh ar bhealach gairmiúil, solúbtha agus éifeachtach.

Cuireadh go mór le freagrachtaí na Roinne in 2014, agus ceapadh an chéad Aire um Ghnóthaí Diaspóra, Jimmy Deenihan, T.D. den chéad uair riamh, ár gcéad Aire um Chosaint Sonraí riamh, Dara Murphy, T.D. (a fhónann mar an Aire um Ghnóthaí Eorpacha) agus an tAire Stáit, Simon Harris, T.D. a cheapadh atá freagrach as Baincéireacht Idirnáisiúnta (an IFSC san áireamh).

Lean Príomh-Aoire an Rialtais, Paul Kehoe, T.D., agus a fhoireann le bainistíocht a dhéanamh ar ghnó an Oireachtais agus cur i bhfeidhm chlár reachtaíochta an Rialtais a chur chun cinn.

Ba mhian liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann go léir as ucht a ndianoibre agus a dtiomantais leanúnaigh le bliain anuas.

Táim ag tnúth le hoibriú le gach duine sa Roinn i gcaitheamh 2015 faoinár Ráiteas Straitéise 2015-2017 a foilsíodh i Márta 2015.

Martin Fraser

Ard-Rúnaí

Ár Misean

"Is é ár gcuspóir tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas chun réiteach a fháil ar an ngéarchéim eacnamaíochta reatha, an Clár an Rialtais a chur i bhfeidhm agus sochaí níos cothroime agus todhchaí níos fearr d'Éirinn agus dá saoránaigh go léir a chruthú."

Fís na Státseirbhíse

"Seirbhís den chéad scoth a sholáthar don Stát agus do mhuintir na hÉireann."

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2011-2014

1. POIST AGUS BORRADH

Dul i ngleic leis an ngéarchéim gheilleagrach, agus díriú ar leith ar phoist agus borradh

2. AN EORAIP

A chinntiú go gcomhlíonann Éire ról iomlán agus éifeachtach i ngach gné den Aontas Eorpach

3. CLÁR AN RIALTAIS

Maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm iomlán Chlár an Rialtais

4. SEIRBHÍS

Sár-sheirbhísí tacaíochta a sholáthar don Taoiseach agus don Rialtas

5. IONTAOIBH

Cabhrú leis an iontaoibh in institiúidí an Stáit, agus i gcáil na hÉireann sa bhaile agus thar lear a athchóiriú agus a athshlánú, agus ceachtanna a fhoghlaim ón am a chuaigh thart

6. ATHCHÓIRIÚ

Cabhrú leis an tseirbhís phoiblí a athnuachan agus a chlaochlú

7. COTHROIME

Cabhrú lena chinntiú go dtacaíonn beartais agus seirbhísí an Rialtais le sochaí ina bhfuil cuimsiú sóisialta agus cothroime

8. SÍOCHÁIN

Cabhrú leis an tsíocháin a choimeád agus chun breis feabhais a chur ar chaidreamh ar oileán na hÉireann agus idir Éirinn agus an Bhreatain

- tacú le feidhmeanna Bunreachtúla an Taoisigh agus an Rialtais
- an Ard-Rúnaíocht a sholáthar don Rialtas
- Oifig Phríobháideach agus Oifig Phríobháideach Phríomh-Aoire an Rialtais a sholáthar
- tacú le hobair an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha agus Cosaint Sonraí, an Aire Stáit um Ghnóthaí Diaspóra agus an Aire Stáit um Baincéireacht Idirnáisiúnta (an IFSC san áireamh)
- tacú le hOifig an Tánaiste
- Oifig Preasa an Rialtais a oibriú
- tacú leis an Taoiseach agus é i mbun a chuid dualgas mar Cheann an Rialtais, lena n-áirítear maidir leis an Uachtarán, Tithe an Oireachtais, an Chomhairle Eorpach, an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus Comhairle na Breataine-na hÉireann, agus gealltanais eile AE agus idirnáisiúnta
- tabhairt faoi fhoirmliú agus cur i bhfeidhm bheartas an Rialtais, go príomha tríd an gcóras Coistí Comh-Aireachta, lena n-áirítear an Chomhairle um Bainistiú Eacnamaíochta, Grúpaí Oifigeach Sinsearach agus Oifig Chlár an Rialtais
- faisnéis agus comhairle a thabhairt don Taoiseach ar an réimse iomlán de shaincheisteanna beartas intíre agus ar ghnóthaí idirnáisiúnta
- tacú le hathchóiriú bunreachtúil agus an Oireachtais, lena n-áirítear obair an Choinbhinsiúin Bhunreachtúil
- tacú le hathnuachan na státseirbhíse a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear oibriú éifeachtach Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse
- tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas chun beartas an AE a fhoirmliú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear leasanna beartais an AE a chomhordú ar fud an Rialtais iomláin
- seirbhísí tacaíochta a sholáthar tríd an Rannóg Prótacail agus Gnóthaí Corparáideacha (AD, Airgeadas, TF agus seirbhísí eile)

Buaicphointí

I rith 2014, dhéileáil foireann 189 duine Roinn an Taoisigh leis an méid a leanas:

- 20,000 earra comhfhreagrais
- 952 meabhrán don Rialtas
- 58 cruinniú Rialtais
- 76 cruinniú Coiste Comh-Aireachta
- 805 ceist Pharlaiminteach
- 173 iarratas ar shaoráil faisnéise
- 100 imeacht preasa
- 186 idirchaidreamh intíre
- 25 cuairt thar lear
- 214 óráid
- 724 comhaid a aistríodh chuig an gCartlann Náisiúnta

Buaicphointí

In Iúil 2014, d'fhoilsigh an Rialtas Ráiteas Tosaíochtaí an Rialtais ina leagtar amach a thosaíochtaí don chuid eile dá théarma oifige.

I ndiaidh gur sannadh freagrachtaí nua Aire, i measc na n-athruithe a bhainistigh an Roinn, bhí an chéad Aire Stáit riamh a cheapadh atá freagrach as Gnóthaí Diaspóra, mar aon leis an Aire Stáit nua atá freagrach as Baincéireacht Idirnáisiúnta (an IFSC san áireamh).

Bunaíodh Aonad um Chosaint Sonraí nua sa Roinn chun tacú leis an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha agus Cosaint Sonraí chun maoirsiú a dhéanamh ar na beartas lena chinntiú go bhfuil cur chuige na hÉireann i leith cosaint sonraí sa gheilleagar digiteach ar an gceann is fearr ar domhan.

Rinne an Roinn bainistiú, chomh maith, ar athruithe ar struchtúr an Choiste Comh-Aireachta i rith na bliana chun maoirsiú beartais a chuimsiú maidir le tithíocht agus tógáil, athchóiriú ceartais agus pleanáil le haghaidh chomóradh 1916.

Lean straitéisí an Phlean Gnímh maidir le Poist agus Bealaí chun Oibre á gcur i bhfeidhm mar chur chuige dhá bheangán i leith dul i ngleic leis an ngéarchéim phost. Choimeád próiseas an Phlean Gnímh maidir le Poist an díriú ar thacú le fiontraíocht agus chabhraigh se le breis borradh tábhachtach ar phoist a sholáthar in 2014. Chabhraigh seoladh Bhealaí chun Oibre 2015, i nDeireadh Fómhair le díriú ar dhul i ngleic le heaspa post fhadtéarmach agus i measc daoine óga, feabhas a chur ar idirchaidreamh idir Intreo agus fostóirí, agus feabhas a chur ar an luaíocht airgeadais is féidir le cuardaitheoirí poist a bhfuil leanaí acu a bhaint trí fhilleadh ar obair.

D'fhoilsigh an Roinn Tógáil 2020 i mBealtaine chun tacú le filleadh na hearnála tógála ar leibhéil inmharthana agus tá sé de chuspóir aige, mar aon leis an Straitéis Tithíochta Sóisialta nua, tithíocht níos inacmhainne a sholáthar. Tríd an gCoiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta, bhí baint ag an Roinn i dtograí a chríochnú chun déileáil leis an ngéarchéim easpa dídine, lena n-áirítear an plean gnímh 20 pointe chun dul i ngleic le heaspa dídine éigeandála agus ghearrthéarmach a seoladh i Nollaig.

Lean an Taoiseach le leas na hÉireann a chur chun cinn ag an gComhairle Eorpach. I measc na mbuaicphointí in 2014, bhí comhaontú a baineadh amach ar Chlár Straitéiseach an Aontais do na cúig bliana amach romhainn, an togra chun Ciste Eorpach €315 billiún a bhunú d'Infheistíocht Straitéiseach, agus comhaontú ar na

príomhspriocanna AE do Chreat Athraithe Aeráide agus Fuinnimh 2030 an AE, lena n-áirítear cuspóirí iomadúla na hearnála talmhaíochta agus úsáide talún a aithint, ar saincheist thábhachtach í d'Éirinn.

Lean Plean Athnuachana na Státseirbhíse, a foilsíodh i nDeireadh Fómhair, a dhíríonn ar athrú praiticiúil a sholáthar a threiseoidh cumas, acmhainní, freagracht agus ceannaireacht ar fud na Státseirbhíse seoladh Phlean nua um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014/2016. Bunaíodh Bord nua Bainistíochta na Státseirbhíse, a bhfuil Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh mar chathaoirleach air agus ina bhfuil cinn gach Roinne Rialtais agus gach móroifige, agus tá cur i bhfeidhm na ngníomhartha á gcur chun cinn aige.

I Samhain, sheol an Taoiseach Plean Comórtha 2016 le haghaidh comhairliúchán poiblí. Leagtar amach sa Phlean conas a bheartaíonn an Rialtas chun cuimhneamh ar an am atá caite trí líon príomhthionscadail mhóra chaipitil agus sraith imeachtaí Stáit.

I Nollaig, chomhaontaigh na páirtithe polaitiúla i dTuaisceart Éireann agus Rialtais na Breataine agus na hÉireann ar Chomhaontú Theach Stormont, i ndiaidh idirbheartaíocht dhian, ina raibh baint ag an Taoiseach agus an tAire um Ghnóthaí Eachtracha agus Trádála agus a gcuid oifigeach. Cuimsíonn an Comhaontú réimse fairsing de shaincheisteanna polaitiúla, sóisialta agus eacnamaíocha agus d'fhéadfadh sé athmhuintearas agus athnuachan gheilleagrach a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann.

Sheol an tAire Stáit nua um Ghnóthaí Diaspóra an chéad ráiteas cuimsitheach de bheartas an Rialtais ar an Diaspóra.

Sheol an tAire Stáit um Chosaint Sonraí Treoirphlean nua um Chosaint Sonraí in Éirinn, lenar áiríodh méadú suntasach ar acmhainní d'Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí agus sraith beart a chuirfidh feabhas ar shuíomh domhanda na hÉireann.

Tugadh faoi obair ullmhúcháin ar straitéis nua thábhachtach don earnáil seirbhísí airgeadais – IFS2020 – ar tugadh faoi in 2014, roimh sheoladh na straitéise go luath in 2015.

Faoi mar a cheanglaítear faoin Acht um Bainistiú na Seirbhíse Poiblí, 1997, dhréachtaigh an Roinn a Ráiteas Straitéise 2015-2017 nua ina dtugtar cuntas ar a tosaíochtaí straitéiseacha nua chun an comhthéacs athraithe agus na dúshláin atá ag teacht chun cinn atá roimh Éirinn a léiriú.

An Rialtas agus Coistí Comh-Aireachta

Soláthraíonn an Roinn an Ard-Rúnaíocht don Rialtas. I rith 2014, chas an Rialtas ar a chéile 58 uair agus dhéileáil siad le 952 Meabhrán. Leanann an Chomhairle um Bainistiú Eacnamaíochta agus Coistí Comh-Aireachta eile le páirt lárnach a chomhlíonadh in obair na Roinne chun cur i bhfeidhm Bheartas an Rialtais agus comhoibriú éifeachtach trasrannach a chur chun cinn. Soláthraíonn an Roinn an ardrúnaíocht do na Coistí Comh-Aireachta agus do na cathaoirligh a thacaíonn leis na Grúpaí Oifigeach Sinsearach. In 2014, rinneadh na struchtúir choiste comh-aireachta a athchumrú lena chinntiú go raibh díriú éifeachtach ar thosaíochtaí reatha an Rialtais. Mar seo a leanas atá an struchtúr nua coiste:

An Chomhairle um Bainistiú Eacnamaíochta	•maoirsiú a dhéanamh ar chur chuige an Rialtais maidir le pleanáil gheilleagrach agus saincheisteanna buiséadta agus beartas baincéireachta
An Coiste Comh-Aireachta um Théarnamh Geilleagrach agus Poist	•lorgaíonn sé chun borradh a bhrostú, fiontraíocht agus trádáil a chur chun cinn, fostaíocht a spreagadh agus dul i ngleic le riachtanais daoine dífhostaithe
An Coiste Comh-Aireachta um Bonneagar Geilleagrach agus Athrú Aeráide	•díriú ar fhorbairt agus ar oibriú an phríomhbhonneagair agus maoirsiú a dhéanamh ar chur chuige an Rialtais i leith saincheisteanna idirnáisiúnta agus intíre athraithe aeráide
An Coiste Comh-Aireachta um Ghnóthaí Eorpacha	•maoirsiú a dhéanamh ar chomhordú staid na hÉireann maidir le príomh-shaincheisteanna Eorpacha, go háirithe iad siúd ar dócha go dteastóidh breithniú an Choimisiúin Eorpaigh uathu
An Coiste Comh-Aireachta um Shláinte	•maoirsiú a dhéanamh ar na príomh-athchóirithe seirbhís sláinte a fhorbairt agus a sholáthar agus feabhsúcháin a chur chun cinn i limistéir sholáthair seirbhíse tosaíochta roghnaithe

Coistí Comh-Aireachta

An Coiste Comh-Aireachta um Thógáil 2020, Tithíocht, Pleanáil agus Riaráistí Morgáiste

- maoirsiú a dhéanamh ar Straitéis Tógála 2020 a chur i bhfeidhm agus freagairt an Rialtais chun cabhrú le daoine a bhfuil riaráistí morgáiste acu a chomhordú

An Coiste Comh-Aireachta um Athchóiriú an Cheartais

- maoirsiú ar fhorbairt tograí d'údárás neamhspleách póilíneachta agus athchóirithe eile a bhaineann leis an gcóras póilíneachta agus ceartais

An Coiste Comh-Aireachta um Bheartas Sóisialta agus Athchóiriú na hEarnála Poiblí

- maoirsiú a dhéanamh ar chomhordú i limistéir an chuimsithe shóisialta, laghdú na bochtaineachta agus sholáthair seirbhíse
- tacú le hathchóiriú seirbhíse poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

An Coiste Comh-Aireacht um Chomóradh 1916

- maoirsiú a dhéanamh ar phróiseas oiriúnach, uileghabhálach, íogair agus cuimsitheach don bhliain 2016 a chur i láthair agus a chur i bhfeidhm

An Coiste Comh-Aireachta um an nGaeilge agus an Ghaeltacht

- lorgaíonn sé chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú le pobail Ghaeltachta agus teaghlaigh labhartha Gaeilge

Cuireadh 76 Coiste Comh-Aireachta ar bun

Cuairteanna agus Imeachtaí Stáit

In 2014, d'eagraigh an Roinn, nó thug siad cúnamh leis an eagrú a dhéanamh, ar líon cuairteanna agus imeachtaí suntasacha oifigiúla, lena n-áirítear an méid a leanas:

- Cuairteanna ag Cinn Stáit neamhfheidhmiúcháin ón Uachtarán Heinz Fischer ó Phoblacht na hOstaire agus Uachtarán Borut Pahor na Slóivéine.
- Cuairteanna ag Seansailéir na Gearmáine, Angela Merkel, Príomh-Aire na Spáinne, Mariano Rajoy agus Príomh-Aire na hÍsiltíre, Mark Rutte.
- Thug an tUasal Liu Yunshan, Comhalta de Bhuanchoiste Politburo na Síne, a Oirirceas, Uachtarán Armando Emilio Guebuza Mhósaimbíc, a Oirirceas, an Dr Khalid Mohammed Al Ankari, an Araib Shádach agus Iar-Uachtarán SAM, Bill Clinton, cuairteanna ar Éirinn.
- Thug an tUachtarán Mícheál D Ó hUiginn cuairt Stáit ar an RA.
- Cuireadh sochraid Stáit an Iar-Thaoisigh, Albert Reynolds, ar siúl.

Anuas air sin, d'fhreastail an Taoiseach ar chomóradh speisialta ar bhriseadh amach an Chéad Chogaidh Dhomhanda in Ypres, an Bheilg mar aon le fiche a hocht Ceann Rialtais eile.

Ghlac an Taoiseach páirt in 30 cruinniú agus idirchaidreamh labhartha sna Stáit Aontaithe i gcaitheamh na tréimhse thart ar Lá Fhéile Pádraig, lena n-áirítear cruinnithe déthaobhacha polaitiúla, imeachtaí a bhí dírithe ar chúrsaí gnó agus geilleagracha agus páirtíocht shibhialta.

D'fhreastail an Taoiseach, chomh maith, ar an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda in Davos, Cruinniú Mullaigh Athraithe Aeráide Ard-Rúnaí na NA i Nua-Eabhrac, Cruinniú Mullaigh na hÁise-na hEorpa i Milano agus ar líon Cruinnithe Mullaigh Eorpacha i gcaitheamh na bliana agus ghlac sé páirt i líon cuairteanna idirnáisiúnta a bhí dírithe ar phoist agus trádáil, lena n-áirítear an Mhurascaill, Ríocht na hAraibe Sádaí, Catar agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, Washington, Bostún, Nua-Eabhrac, Oileán Rhode, San Francisco agus ceantar Silicon Valley.

D'fhonn a chuid freagrachtaí á gcomhlíonadh aige a bhain leis an AE, thaistil an tAire um Ghnóthaí Eorpacha agus Cosaint Sonraí thar lear 25 uair i rith 2014.

Cuairteanna agus Imeachtaí Stáit

Thug an tAire um Ghnóthaí Diaspóra faoi roinnt cuairteanna chun idirchaidreamh na hÉireann leis an diaspóra a fhairsingiú agus a dhoimhniú, lena n-áirítear chuig Nua-Eabhrac, Filideilfia, Páras, an Astráil, agus Londain.

Tosaíocht Straitéiseach 1
Poist agus Borradh

Tugadh feabhsú leanúnach agus marthanach faoi deara in 2014 ar an ngeilleagar agus ar an airgeadas poiblí.

Baineann ról lárnach le cruthú post maidir le téarnamh sóisialta agus geilleagrach agus is príomhthosaíocht é seo go fóill. Lean an Roinn le tacú leis an Taoiseach agus leis an Rialtas maidir le beartais a chur i bhfeidhm chun tacú le téarnamh geilleagrach agus le cruthú post tríd an gCoiste Comh-Aireacht agus struchtúir eile.

Lean an Roinn ina ról lárnach trí fhoireann an Phlean Gnímh maidir le Poist chun cothromaíocht agus comhleanúnachas gníomhartha a chinntiú ar fud an gheilleagair agus i gcórais an Rialtais sa tríú Plean Gnímh maidir le Poist (2014) agus soláthraíodh os cionn 90% de na bearta an tráth a bhí siad sceidealaithe lena soláthar. D'oibrigh an Roinn, chomh maith, le gach Roinn ábhartha lena chinntiú gur tugadh freagairt chuimsitheach agus chomhleanúnach bheartais maidir le gníomhachtú an mhargaidh shaothair, a bhí dírithe ar an Straitéis Bealaí chun Oibre 2015.

Tá sé de chuspóir ag *Tógáil 2020*, a foilsíodh in 2014, an t-aschur tithíochta a mhéadú faoi thrí faoi 2020 agus 60,000 post a chur leis an earnáil tógála. Bainistítear soláthar trí Ghrúpa um Fheidhmiú an Ard-Rúnaí, ar a bhfuil Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh ina chathaoirleach.

Chomhlíon an Roinn ról lárnach chun cur chuige "an Rialtais iomláin" a chomhordú chun an réimse gníomhartha a rabhthas ag dul i ngleic leo a chur in iúl ar fud na Ranna agus na ngníomhaireachtaí chun tacú le gnólachtaí beaga agus le cuardaitheoirí poist. Áiríodh leis seo bullaitín leictreonach agus láithreán gréasáin nua a fhorbairt *(#allaboutjobs.ie* nó *www.allaboutjobs.ie*) mar chuid de thairseach nuachta an Rialtais láir, *www.merrionstreet.ie*, atá tiomanta do nuacht a bhaineann le poist agus na staitisticí is déanaí.

Tá in Éirinn anois an geilleagar is tapúla fás san Eoraip agus tugadh fás 4.8% ar Olltáirgeacht Intíre (GDP) faoi deara i ngach earnáil in 2014. Anuraidh, tháinig méadú de bhreis ar 40,000 ar an líon daoine a bhí ag oibriú agus lean na figiúirí dífhostaíochta, cé go raibh siad i bhfad ró-ard, ag titim don deichiú ráithe as a chéile.

Sa mhullach air sin, chomhordaigh an Roinn ullmhú Chlár Náisiúnta Athchóirithe bliantúil na hÉireann ina leagtar amach na gníomhartha agus an dul chun cinn i dtaca leis an bpríomh-athchóiriú i measc réimse de limistéir gheilleagracha agus beartais shóisialta, mar chuid de phróisis AE2020 agus an tseimeastair Eorpaigh.

Cuireann an Roinn le cur chuige straitéiseach i leith idirchaidreamh na hÉireann leis an AE, lena n-áirítear trí idirchaidreamh déthaobhach agus comhaontais a chruthú. Cuireann sé comhleanúnachas chun cinn i measc na suíomhanna beartais maidir le saincheisteanna AE, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn le cur chun cinn éifeachtach leasanna na hÉireann a chinntiú, agus tacaíonn sé go gníomhach le beartais a shainaithint ar leibhéal an AE ar fearr ar féidir leo cur le leasanna náisiúnta, mar aon lena chinntiú go dtugtar tús áite do na gníomhartha tacaíochta.

Tacaíonn an Roinn leis an Taoiseach ina ról mar chomhalta den Chomhairle Eorpach agus lena fhreastal ar chruinnithe Chomhairle an AE. In 2014, tionóladh 9 gcruinniú de na Cinn Stáit agus den Rialtas, lena n-áirítear 4 ghnáthchruinniú na Comhairle Eorpaí, 2 chruinniú speisialta na Comhairle Eorpaí, 2 chruinniú neamhfhoirmiúla de na Cinn Stáit agus den Rialtas agus Cruinniú Mullaigh Euro amháin. I gcaitheamh 2014, lean Éire le hiarrachtaí a dhéanamh chun timpeallacht níos cobhsaí airgeadais a bhaint amach ar fud an AE chun borradh agus poist a éascú. I Meitheamh, bhain an Chomhairle Eorpach comhaontú amach ar Chlár Straitéiseach ina leagtar amach tosaíochtaí an Aontais do na chéad chúig bliana amach romhainn: cuireann na tosaíochtaí seo go mór le beartú tosaíochta chlár post agus borrtha an Rialtais.

Lean an Taoiseach le leas na hÉireann a chur chun cinn ag an gComhairle Eorpach. I measc na bpríomh-aschur i rith 2014, bhí an togra chun Ciste Eorpach €315 billiún a bhunú d'Infheistíocht Straitéiseach agus comhaontú ar na príomhspriocanna AE do Chreat Athraithe Aeráide agus Fuinnimh 2030 an AE, ina mbaineann tábhacht shuntasach d'Éirinn i gcomhthéacs an aitheantais shainráite a thug an Chomhairle Eorpach i nDeireadh Fómhair ar chuspóirí iomadúla na hearnála talmhaíochta agus úsáide talún.

Tacaíonn an Roinn, chomh maith, leis an Aire Stáit um Ghnóthaí Eorpach agus Cosaint Sonraí, lena n-áirítear a ról mar Chathaoirleach an Choiste Idir-Rannaigh um Idirchaidreamh an AE, agus an t-idirchaidreamh fairsing seachtrach a theastaíonn ón ról.

Rinneadh Clár na Réalta Goirme a athnuachan don dara tréimhse trí bliana, a riarann an Roinn chun tuiscint agus eolas níos fearr a chothú ar an AE. Anuas air sin, riarann an Roinn ciste nua láraithe chun cabhrú le foireann na hÉireann tabhairt faoi

dheiseanna gairme in institiúidí an AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a sainaithnítear go mbaineann ábharthacht straitéiseach leo i dtaca le leasanna na hÉireann. Amhail Nollaig 2014, líonadh 10 bpost faoin scéim.

Tosaíocht Straitéiseach 3
Clár an Rialtais

Tacaíonn Clár an Rialtais leis an Taoiseach agus an dul chun cinn atá déanta ag an Rialtas á chur chun cinn i dtaobh tabhairt faoi na gealltanais i gClár an Rialtais.

Foilsíodh an tríú Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn i Márta 2014 ina leagtar amach an dul chun cinn a baineadh amach. Tá tuairisciú déanta ag an Rialtas, go dtí seo, ar 80% de ghealltanais Chlár an Rialtais sna chéad trí thuarascáil.

D'fhoilsigh an Rialtas Ráiteas Tosaíochtaí an Rialtais 2014-2016 in Iúil ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí don chuid eile dá théarma oifige. Déanann Clár an Rialtais dlúthmhonatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngealltanas seo agus déanann sé tuairisciú don Rialtas ar bhonn rialta.

Leanadh le dul chun cinn maith a dhéanamh i rith 2014 ar na ceanglais atá faoi fhreagracht Roinn an Taoisigh a chur i bhfeidhm.

Chríochnaigh an Coinbhinsiún Bunreachtúil a gcuid oibre i Márta 2014, tar éis dóibh naoi dtuarascáil, ar an iomlán, a chur i dtoll a chéile agus thug an Rialtas gealltanas chun dhá reifreann a chur ar bun in 2015; ceann amháin ar phósadh comhghnéis agus ceann eile ar an tairseach aoise d'iarrthóirí i dtoghcháin uachtaráin.

Lean clár um athchóiriú na Dála ar aghaidh, lena n-áirítear nuashonrú bliantúil a thabhairt isteach don Dáil ar thosaíochtaí an Rialtais, tús a chur leis an bhFiosrúchán Baincéireachta faoin gcóras nua d'Fhiosrúcháin an Oireachtais agus laghdú suntasach ar an úsáid a bhaintear as an ngilitín in 2014 a sholáthraíonn breis ama le haghaidh díospóireacht reachtaíochta.

Bhunaigh an Taoiseach Grúpa Oibre um Athchóiriú an tSeanaid agus tugadh cuireadh roimh aighneachtaí agus moltaí ó aon pháirtí ar spéis leo. Iarradh ar an nGrúpa chun tuairisciú a dhéanamh don Rialtas go luath in 2015. Anuas air sin, tá obair ar bun ar athrú reachtaíochta chun cinneadh 1979 mhuintir na tíre a chur i bhfeidhm chun an ceart vótála do phainéal ollscoile an tSeanaid a shíneadh.

Tosaíocht Straitéiseach 4
Seirbhís

I rith 2014, sholáthair an Roinn réimse leathan seirbhísí tacaíochta don Taoiseach, don Rialtas agus do mhuintir an phobail, mar aon le seirbhísí tacaíochta inmheánaí. Ina measc seo, bhí obair a bhain le cruinnithe Rialtais, Ceisteanna Parlaiminteacha, cruinnithe faisnéise, óráidí, iarratais ar Shaoráil Faisnéise, turais ar Fhoirgnimh an Rialtais, freagairt d'uiríll ón bpobal, imeachtaí a eagrú agus freagairt do cheisteanna ó na meáin.

Soláthraíonn an Rannóg Gnóthaí Corparáideacha réimse fairsinge de sheirbhísí tacaíochta don chuid eile den Roinn, lena n-áirítear Acmhainní Daonna, Airgeadas, TFC, Bainistíocht Faisnéise agus Forbairt agus Oiliúint agus Tacaíocht Foirne. I gcaitheamh 2014, lean Seirbhísí Tacaíochta Corparáidí le Straitéis AD na Roinne a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí fairsinge oiliúna agus forbartha, éascaíodh tacaíocht don Choimisiún Imscrúdúcháin atá nuabhunaithe, agus éascaíodh athruithe ar sholáthar foirne agus athruithe oifige a d'eascair ó roinnt freagrachtaí nua a sannadh don Roinn.

I measc na dtionscadal TFC a críochnaíodh i rith 2014, bhí áiseanna gutháin Phrótacal Idirlín Guthaithe a thabhairt isteach, aistriú chuig Windows 7, comhdhlúthú láithreáin ghréasáin agus uasghráduithe/feabhsúcháin a dhéanamh ar chórais éagsúla ghnó lena n-áirítear an córas ríomh-Chomh-Aireachta, an clár agus córais oifige príobháidí, an córas um shaoráil faisnéise agus córais bhainistíochta próisis agus tacaíochta oibre roinne.

Próiseáladh os cionn 20,000 earra comhfhreagrais

Scaipeadh 952 Meabhrán ar an Rialtas

Tacaíodh le 58 cruinniú an Rialtais

Freagraíodh 805 Ceist Pharlaiminteach

Bhí os cionn 100 imeacht preasa ar siúl

173 iarratas ar shaoráil faisnéise próiseáilte

Tosaíocht Straitéiseach 5
Iontaoibh

Lean an Roinn lena gcuid oibre chun iontaoibh agus trédhearcacht a chruthú, trí mhiontuairiscí MAC, dialann an Ard-Rúnaí, íocaíochtaí os cionn €20,000, taifead ar Iarratais ar Shaoráil Faisnéise agus tuarascálacha ar chostais taistil iasachta a fhoilsiú go rialta.

I rith 2014, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Roinn Measúnú Náisiúnta Riosca den chéad uair. Leagtar amach ann seo na rioscaí ardleibhéil straitéiseacha atá roimh Éirinn, agus foilsíodh é tar éis idirchaidreamh a dhéanamh i measc na Ranna agus le páirtithe leasmhara seachtracha agus le próiseas comhairliúcháin phoiblí.

Chuir obair na Roinne chun tacú le hidirchaidreamh an Taoisigh san Aontas Eorpach agus le linn roinnt cuairteanna thar lear le feabhas breise a chur ar cháil Idirnáisiúnta na hÉireann.

Leanann an Roinn ag tacú, mar is cuí, le cláir um athchóiriú na Dála agus an tSeanaid a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear trí thacaíocht rúnaíochta a sholáthar don Ghrúpa Oibre um Athchóiriú an tSeanaid.

Chuir an Roinn na hathruithe nua reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm a tugadh isteach i nDeireadh Fómhair. D'eascair méadú suntasach ar an líon iarratas ar Shaoráil Faisnéise a fuarthas ó na forálacha nua, lena n-áirítear táillí iarratais a bhaint agus athruithe a dhéanamh ar scaoileadh thaifid an Rialtais. Soláthraíodh breis tacaíochta agus oiliúna don fhoireann lena chinntiú gur lean an Roinn lena gcuid dualgas a chomhlíonadh chun faisnéis a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, d'aistrigh an Roinn 724 comhad ina raibh taifid 30 bliain d'aois chuig an gCartlann Náisiúnta lena chinntiú go raibh fáil orthu do chigireacht an phobail.

Ina theannta sin, chabhraigh an Roinn le roinnt tionscnamh chun dul i ngleic le saincheisteanna stairiúla a bhí ina n-ábhar buartha do shochaí na hÉireann, lena n-áirítear mná Magdalene, Árais Mháithreacha is Leanaí agus mí-úsáid ghnéasach i dTuaisceart Éireann.



Tosaíocht Straitéiseach 6
Athchóiriú

Leanann an Roinn ag tacú leis an gclár um athchóiriú na seirbhíse poiblí a chur i bhfeidhm tríd an gCoiste Comh-Aireachta um Athchóiriú Beartais Shóisialta agus Seirbhíse agus trí bhaint dhíreach a bheith acu i líon tionscnamh.

I rith 2014, sholáthair soláthar leanúnach Chomhaontú Bhóthar Haddington coigiltí substainteacha agus táirgiúlacht fheabhsaithe. Rinneadh dul chun cinn maith i limistéir ar nós comhsheirbhísí, soláthar agus Straitéis nua TFC a fhorbairt. Foilsíodh Straitéis nua um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí 2014-16 in Eanáir.

Seoladh Plean Gnímh um Athnuachan na Státseirbhíse i nDeireadh Fómhair.

Bunaíodh Bord Bainistíocht na Státseirbhíse, ina bhfuil cinn gach Roinne Rialtais, ar a bhfuil Ard-Rúnaí Roinn an Taoisigh ina chathaoirleach, chun maoirsiú a dhéanamh ar dhul chun cinn ar na 25 Gníomh sa Phlean Athnuachana. Tá na gníomhartha seo dírithe ar inniúlacht, cumas, freagracht agus ceannaireacht ar fud na Státseirbhíse a threisiú.

Leantar ar aghaidh le hiarracht mhórscála cumarsáide lena chinntiú go dtugann an fhoireann faoin gclár athchóirithe seo, lena n-áirítear clár fairsing de chruinnithe Halla Baile atá faoi stiúir Ard-Rúnaithe.

Bunaíodh an Coiste Comh-Aireachta nua um Athchóiriú Ceartais chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt tograí d'údarás neamhspleách póilíneachta agus athchóirithe eile a bhaineann leis an gcóras póilíneachta agus ceartais.

I measc na bhforbairtí sa limistéar seo, tá oibreacha i dtreo an Údaráis nua Neamhspleách Phóilíneachta a bhunú, an chéad iomaíocht oscailte riamh le haghaidh phoist shinsearacha an Gharda Síochána, Tuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar Imscrúdú Coireachta a fhoilsiú agus Meicníocht Neamhspleách Athbhreithnithe a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghearáin a líomhnaíonn mí-iompar nó neamh-leordhóthanacht an Gharda Síochána nuair a bhíonn imscrúdú á dhéanamh ar na líomhaintí siúd.

Bhunaigh an Roinn aonad nua um Chosaint Sonraí chun tacú le maoirsiú an Aire Stáit ar chur i bhfeidhm threoirphlean an Rialtais atá dírithe ar a chinntiú go bhfuil cur chuige na hÉireann i leith cosaint sonraí sa gheilleagar digiteach ar an gcur chuige 'is fearr san aicme' ar fud an domhain.

Tosaíocht Straitéiseach 7
Cothroime

Trí obair na gCoistí Comh-Aireachta éagsúla, tacaíonn an Roinn le beartais agus seirbhísí an Rialtais chun sochaí a chur chun cinn ina bhfuil cuimsiú sóisialta agus cothroime.

Díríodh go trom ar dhul i ngleic le heasa dídine, lena n-áirítear maoirsiú a dhéanamh ar an bPlean um Fheidhmiú ar fhreagairt an Stáit d'Easpa Dídine, Plean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath, agus an Plean Gníomhaíochta chun dul i nGleic le hEaspa Dídine, ag oibriú tríd an gCoiste Comh-Aireachta um Beartas Sóisialta agus Athchóiriú na hEarnála Poiblí.

Chuir an Roinn obair chun cinn, chomh maith, ar ghníomhartha do dhaoine a bhfuil neamhoird speictream an uathachais orthu lena gcuimsiú sa chreat ar an Straitéis Náisiúnta Míchumais, rinne siad scrúdú ar na deiseanna féideartha geilleagracha agus sóisialta a chruthóidh Aosú Folláin agus d'fhoilsigh siad tuarascáil an ghrúpa oibre um Urraíocht Spóirt ag Cuideachtaí Alcóil.

Lean an Coiste Comh-Aireachta um Shláinte le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus dearadh na bpríomhathchóirithe seirbhís sláinte in 2014, lena n-áirítear an fhoireann dearaidh a cheapadh d'ospidéal leanaí nua, boird ghrúpa ospidéil, an Páipéar Bán ar Árachas Sláinte Uilíoch a fhoilsiú, cur i bhfeidhm an chórais 'Leanann Airgead an tOthar' ('Money Follows the Patient') de chistiú a chur chun cinn agus bunú na Gníomhaireachta nua um Leanaí agus an Teaghlach, TÚSLA.

Lean an Coiste Comh-Aireachta um Thógáil 2020, Tithíocht, Pleanáil agus Riaráistí Morgáiste le bearta chun cabhrú le daoine óga a bhfuil suaitheadh morgáiste orthu tríd an bpróiseas athstruchtúraithe riaráistí morgáiste, reachtaíocht bheartaithe chun tomhaltóirí a chosaint a ndíoltar a n-iasachtaí le haonáin neamhrialaithe, agus bearta a chur chun cinn chun feabhas a chur ar mhealltacht mhargadh na hÉireann do sholáthraithe nua morgáiste.

Lean an Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta le comhairle a chur ar an Taoiseach maidir le saincheisteanna straitéiseacha d'fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus comhshaoil na hÉireann agus fóram a sholáthar do phlé sóisialta idir na hearnálacha éagsúla agus an Rialtas i dtaca leis na dúshláin atá roimh an tír.

Tosaíocht Straitéiseach 8
Síocháin

Lean Rialtais na hÉireann agus na Breataine ag oibriú go dlúth le chéile i gcaitheamh 2014 chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann chun an fál go haer polaitiúil a shárú ar dhealraitheach go raibh greim á fháil aige i rith na bliana. Bhí idirchaidreamh leanúnach ann idir an Taoiseach agus Príomh-Aire na Breataine agus thaistil siad chuig Béal Feirste i Nollaig chun casadh leis na cúig pháirtí de chuid Thuaisceart Éireann. I ndiaidh 11 sheachtain d'idirbheartaíocht dhian, baineadh Comhaontú Theach Stormont amach ar líon príomh-shaincheisteanna, lena n-áirítear airgeadas agus leas; brait, féiniúlacht, cultúr agus traidisiún; mórshiúlta; an tAm atá Caite; athchóiriú institiúideach; agus roinnt gealltanas nár comhlíonadh i gComhaontú Aoine an Chéasta agus Comhaontú Chill Rìmhinn.

In 2014, d'fhreastail an Taoiseach ar dhá chruinniú iomlánacha de chuid na Comhairle Aireachta Thuaidh-Theas agus ar dhá chruinniú mullaigh Chomhairle na hÉireann-na Breataine chun na cláir Thuaidh-Theas agus Thoir-Thiar araon a chur chun cinn.

Leanann an Taoiseach agus an Príomh-Aire le teagmháil dhlúth a choimeád, agus tacaíonn obair leanúnach na Rúnaíochtaí Buana agus Grúpa na nArd-Rúnaithe leo i dtaca leis seo. Chas an Taoiseach leis an bPríomh-Aire Cameron i Márta chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn an Chomh-Ráitis a síníodh idir Éirinn agus an Bhreatain i Márta 2012 agus phléigh siad comhleasanna coiteanna ar chlár an AE mar aon le forbairtí geilleagracha agus slándála i dTuaisceart Éireann.

I ndiaidh an chuairt an-rathúil a thug an Bhanríon Eilís ar Éirinn in 2011, thit an chuairt Stáit ag an Uachtarán Uí hUiginn ar an RA amach in Aibreán 2014, a thaispeáin an caidreamh an-dearfach atá anois ann idir ár dhá thír.

D'fhreastail an Taoiseach ar imeachtaí éagsúla i rith na cuairte.

Don tríú bliain as a chéile, d'fhreastail an Taoiseach ar chomóradh Chuimhneachán an Domhnaigh in Inis Ceithleann i Samhain 2014. Rinneadh ionadaíocht don Rialtas ag roinnt comóraidh ar an lá sin, lena n-áirítear i Londain agus i mBéal Feirste.

Comhairle na Breataine-na hÉireann – Irish Council

Comhaontú Theach Stormont

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas

	Toradh Sealadach 2014 €000
RIARACHÁN	
Tuarastail, Pánna agus Liúntais	11,238
Taisteal agus Cothabháil	404
Oiliúint agus Forbairt agus Costais Theagmhasacha	547
Post agus Teileachumarsáid	296
Trealamh Oifige agus Seirbhísí Seachtracha TF	731
Costais Áitreabh na hOifige	315
Seirbhísí Comhairleoireachta	15
Uachtaránacht an AE	
Riarachán Iomlán	**13,546**
SEIRBHÍSÍ EILE	
An Oifig Náisiúnta um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta (Deontas i gCabhair)	1,807
Binse Fiosrúcháin	3,697
Tionól Bunreachtúil	327
Rannpháirtíocht an AE	236
Pearsanra Éireannach in Institiúidí an AE agus Idirnáisiúnta	644
Coimisiún Imscrúdúcháin	578
Olliomlán	**20,835**
Lúide Leithreasaí i gCabhair	(935)
Glaniomlán	**19,900**

(Íocadh ús in 2014 mar gheall gurbh ionann iomlán na n-íocaíochtaí déanacha agus €511.84)

An Fhoireann sa Roinn *



*Bhí 189 comhalta foirne coibhéise lánaimseartha ag oibriú sa Roinn ag deireadh 2014, lena n-áirítear an bhuanfhoireann agus iad siúd ar iasacht, conarthaí sealadacha, intéirneachtaí agus socruithe eile

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2014

Déanann Tithe an Oireachtais úsáid fuinnimh i gcoimpléasc Fhoirgnimh an Rialtais, Roinn an Taoisigh san áireamh, a riaradh. Le blianta beaga anuas, tháinig roinnt athruithe suntasacha ar conas a sholáthraítear seirbhísí fuinnimh agus ar conas a chionroinntear muirir sheirbhíse i measc thionóntaí éagsúla an choimpléasc. I measc na n-athruithe, tá aistriú ó choirí olabhreoslaithe chuig coirí nua bithmhaise, méadair nua leictreachais a shuiteáil agus úsáid spás urláir na dtionóntaí éagsúla a laghdú. D'eascair roinnt deacrachtaí as na hathruithe seo leis na córais tomhais a úsáidtear chun úsáid fuinnimh a chur i dtaifead ar soláthraíodh roinnt léimh aimhrialta mar thoradh orthu in 2012 agus 2013. Is é 2014 an chéad bhliain ina raibh na córais agus an trealamh nua go léir chun úsáid a thomhais go hiomlán oibríochtúil.

Le linn na bliana 2014, d'úsáid Roinn an Taoisigh 2,181 MWh d'fhuinneamh, ina raibh an méid a leanas i gceist:

- 905.6 MWh de Leictreachas
- 1,275.4 MWh de Ghás

Anuas air sin, d'úsáid an Roinn 54.25 tonna de mhillíní adhmaid a úsáideadh sa choire bithmhaise, atá freagrach as a mhéid le 25% de na riachtanais téimh a ghiniúint do choimpléasc iomlán Fhoirgnimh an Rialtais. Tháinig méadú suntasach ar ár n-úsáid gáis, go príomha mar gheall ar an ríomh méadaithe spás urláir a úsáideadh don Roinn, a chuireann san áireamh anois 14.27% de spás urláir iomlán an choimpléasc. B'ionann ár dtomhas spás urláir roimhe seo agus 7.51%.

Tá obair ar bun sa Roinn chun ár n-úsáid leictreachais a laghdú. I measc na mbeart tá monatóirí níos lú atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de a thabhairt isteach ar fud na Roinne, seanteilifíseáin a ionadú le leaganacha níos nua a úsáid a mhéid le 35% níos lú leictreachais agus soilsiú atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de a úsáid pé áit ar féidir.

Gníomhartha atá ar na bacáin don bhliain 2015

Leanfaidh an Roinn ar aghaidh in 2015 ag oibriú chun laghduithe breise fuinnimh a bhaint amach maidir le húsáid leictreachais, lena n-áirítear roinnt córas agus trealaimh a ionadú le haonaid atá níos éifeachtúla i dtaobh fuinnimh de. Anuas air sin, beartaímid chun athbhreithniú breise a dhéanamh ar an gcóras téimh chun bealaí a fhiosrú chun breis barainneachta a bhaint amach.